**RABHADH**
**Freagair gach ceist sna spásanna cuí ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**GNÁTHLEIBHÉÁL**

**Dé hAOINE, 9 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30-11.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG cheist laistigh**

- Ceist 1 *ar leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar leathanaigh 14 agus 15*
  Freagair cuid (A) agus cuid (B)
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
  Seiceáil ar dtús an bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

## CEIST 1
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA** **(12 mharc)**

**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Is í an chathair is mó in Éirinn ná:

(a) Gaillimh ☐ (b) Béal Feirste ☐

(c) Baile Átha Cliath ☑ (d) Port Láirge ☐

***1.*** Bíonn aghaidh shnáthaid an chompáis i gcónaí:

(a) ó thuaidh ☐ (b) ó dheas ☐

(c) soir ☐ (d) siar ☐ (1)

***2.*** Déantar toirt uisce a thomhas:

(a) i gciliméadair ☐ (b) i gcileagraim ☐

(c) i gcéimeanna ☐ (d) i lítir ☐ (1)

***3.*** Is tíortha iad Mailí, an Tansáin, Camarún agus an tSúdáin atá:

(a) san Eoraip ☐ (b) i Meiriceá Thuaidh ☐

(c) san Afraic ☐ (d) i Meiriceá Theas ☐ (1)

***4.*** Faightear foirgneamh a dtugtar 'scioból' air de ghnáth:

(a) i bhforaois ☐ (b) faoi theach ☐

(c) ar fheirm ☐ (d) le hais oifige ☐ (1)

***5.*** Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, is í an tsiombail do stáisiún traenach ná:

(a) triantán dearg ☐ (b) spota dearg ar líne dhubh ☐

(c) an litir mhór 'R' ☐ (d) puball beag dearg ☐ (1)

***6.*** Is é an t-aigéan atá ar an taobh thiar d'Éirinn ná:

(a) An tAigéan Atlantach ☐ (b) An tAigéan Indiach ☐

(c) An tAigéan Ciúin ☐ (d) An tAigéan Artach ☐ (1)

***7.*** Tháinig na Lochlannaigh go hÉirinn:

(a) as an Iodáil ☐ (b) as an mBeilg ☐

(c) as an Spáinn ☐ (d) as Críoch Lochlann ☐ (1)

***8.*** Is é a thaispeánann comhrianta ar léarscáil ná:

(a) aibhneacha ☐ (b) airde os cionn leibhéal na farraige ☐

(c) cosáin ☐ (d) iarnróid nach bhfuil in úsáid ☐ (1)

***9.*** Is minic a fhaightear struchtúr cosúil leis seo le hais bhóithre na hÉireann. Úsáidtear é chun:




(a) casadh sa bhóthar a thaispeáint ☐ (b) hiodrant uisce a thaispeáint ☐

(c) ospidéal a thaispeáint ☐ (d) héileapad a thaispeáint ☐ (1)

***10.*** D'fhéadfaí móta timpeall ar chaisleán a thrasnú trí úsáid a bhaint as:

(a) droichead tógála ☐ (b) daingean ☐

(c) forbhalla ☐ (d) túirín ☐ (1)

***11.*** Tháinig na Normannaigh go hÉirinn:

(a) as an nGearmáin ☐ (b) as an Spáinn ☐

(c) as Albain ☐ (d) as an Normainn sa Fhrainc ☐ (1)

***12.*** Cé acu díobh seo a leanas atá ina fhoinse cumhachta in-athnuaite?

(a) cumhacht tonnta ☐ (b) gás ☐

(c) gual ☐ (d) ola ☐ (1)

***13.*** Is é is cumhacht hidrileictreach ann ná:

(a) cumhacht ó thonnta ☐ (b) cumhacht ó ola ☐

(c) cumhacht ó uisce ☐ (d) cumhacht ó sholas na gréine ☐ (1)

***14.*** Is é atá i limistéar miondíola den chuid is mó ná:

(a) lochanna ☐ (b) locháin charraige ☐

(c) siopaí ☐ (d) talamh feirmeoireacht ☐ (1)

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL** **(6 mharc)**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**

I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas**:**

(a) Nósanna adhlactha nó sochraide

**NÓ**

(b) Foirgneamh cáiliúil ón tsibhialtacht sin

**NÓ**

(c) Éadaí a chaith siad

**NÓ**

(d) Airm a d'úsáid saighdiúir

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé fúithi ná ______________________________________________

______________________________________________________________________________ (6)

**(C) CAISLEÁIN** **(6 mharc)**

**Féach ar an bhfótagraf thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.**



***1.*** Ainmnigh cineál **AMHÁIN** ábhair a úsáideadh chun an caisleán san fhótagraf a thógáil.

_______________________________________________ (1)

***2.*** Cad is ainm don díog atá líonta le huisce agus atá timpeall ar an gcaisleán?

_______________________________________________ (1)

***3.*** Déan cur síos ar ghné chosanta **AMHÁIN** eile a bhaineann le caisleán ar fhoghlaim tú faoi. Ní gá go mbeadh sé san fhótagraf.

Gné chosanta:

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ (4)

**CEIST 2**


**24 marc**

**Freagair cuid (A) nó (B)**

**(A)** **PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS** **(24 marc)**

**Féach ar na foinsí seo a leanas agus freagair na ceisteanna a leanann iad:**

**Bhí dearadh speisialta ar bhailte móra plandála a tógadh in Éirinn. Bhí ballaí timpeall orthu ar fad agus bhí limistéar ina lár ar tugadh an diamant air de ghnáth cé nach i gcónaí a bhí cruth diamaint air. Taispeánann an líníocht seo plean do bhaile.**




***1.*** Taispeánann an litir A geata.
Ar an bpictiúr thuas, agus an litir A á húsáid agat, marcáil **DHÁ** gheata eile isteach chuig an mbaile seo. (2)

***2.*** Cén cineál foirgnimh atá marcáilte leis an litir? ____________________________________ (2)

***3.*** Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart.
Tá an limistéar láir sa bhaile seo i gcruth mar a bheadh

ciorcal triantán dronuilleog. (2)

***4.*** Seachas an balla, tabhair cúis **AMHÁIN** a mbeadh sé deacair an baile seo a ionsaí.

____________________________________________________________________________ (2)

***5.*** Ainmnigh **DHÁ** bhaile plandála i gCúige Uladh.

____________________________________________________________________________ (2)

Ba é Doire an baile ba mhó i bPlandáil Uladh. Roghnaíodh i dtús báire é mar, *'go raibh caladh an-mhaith ann'.*
Bhí súil ag an Rí Séamas go mbeadh sé ina chalafort mór le rá, ag trádáil le Londain agus le háiteanna eile. Bhí sé beartaithe aige go mbeadh ballaí móra arda timpeall air agus go mbeadh 400 teaghlach plandálaithe ina gcónaí ann.

*In 1619, bhí an Rí ag iarraidh a fháil amach cad a bhí ag tarlú i nDoire, mar sin chuir sé Nicholas Pynnar chun é sin a fháil amach agus chun tuairisc a scríobh dó. Seo cuid de thuairisc Nicholas Pynnar:*

Tá balla an-láidir timpeall ar chathair Dhoire anois.

Tá sé 24 troigh ar airde agus sé troithe ar tiús
Tá sé déanta as clocha
Tá ceithre gheata ann, gach ceann acu 21 troigh ar leithead
Tá droichid tógála ag péire acu
Tá geataí crochta ag péire acu
Tá naoi gcinn de bhábhúin ann, atá sách mór do ghunnaí móra.

Is é an líon teaghlach atá ina gcónaí laistigh den chathair ná 102. Níl dóthain ansin ar chor ar bith chun na ballaí a chosaint.

***6.*** Tabhair **DHÁ** fhíric as tuairisc Nicholas Pynnar a chuirfeadh áthas ar an rí.

________________________________________

________________________________________ (2)

***7.*** Cé mhéad teaghlach a rabhthas ag súil go dtiocfaidís go Doire agus cé mhéad a bhí tagtha faoin mbliain 1619?

____________________ agus ____________________ (2)

***8.*** Tabhair **DHÁ** phíosa fianaise go raibh cosaint tábhachtach do bhailte plandála cosúil le Doire.

________________________________________

________________________________________ (2)

***9.*** Cén fáth a dtugtar LondainDoire (Londonderry) uaireanta ar chathair Dhoire?

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)

***10.*** Déan cur síos ar **DHÁ** thoradh a bhí ar phlandáil Uladh.

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)

**NÓ**

**(B) AN BHRASAÍL** **(24 marc)**

**Féach ar an eolas agus ar na fótagraif thíos agus freagair na ceisteanna ar an gcéad leathanach eile.**

Tá Maria ina cónaí lena seantuismitheoirí, a tuismitheoirí agus a triúr iníonacha i dtuaisceart na Brasaíle. Tá a fear céile ina chónaí anois in Escondidinho, favela gar do lár na cathrach in Rio de Janeiro.

Bhog fear céile Maria go Rio ar thóir obair níos seasmhaí. Cuireann sé an t-airgead breise a shaothraíonn sé abhaile chuig Maria agus chuig a chuid páistí. Níl an saol in Rio éasca. Tá na dálaí maireachtála sna favelas go dona. Tá mórán de na favelas sa Bhrasaíl mídhleathach agus bíonn an baol ann go gcuirfear amach iad siúd atá ina gcónaí iontu.

D'fhág Maria an scoil go luath chun cabhair a thabhairt ar an bhfeirm bheag a bhí ag a muintir agus tá sí ar fhíorbheagán oideachais agus oiliúna. Bheadh pá níos fearr le fáil aici dá mbogfadh sí go Rio agus dá bhféadfadh sí post a fháil. Ní aon chinnteacht go mbeadh sí ábalta post a fháil. Taitníonn an tsaoirse agus an ciúnas i bhfairsinge na tuaithe léi. Níl a fhios aici an dtaitneodh gleo agus torann shaol na cathrach léi.

Tá rialtas na Brasaíle tar éis tosú ar dheis a thabhairt do na daoine atá ina gcónaí sna favelas a ndálaí maireachtála féin a fheabhsú. Tá talamh á thairiscint acu i gcathair Rio a bhfuil uisce, séarachas agus leictreachas ar fáil.

Níl an fásra áitiúil san oirthuaisceart taitneamhach, is scrobarnach agus sceacha is mó atá ann. Tá triomach coitianta in oirthuaisceart na Brasaíle agus ní féidir brath ar an mbáisteach. Tá sé an-deacair feirmeoireacht a dhéanamh i gcuid de na ceantair thirime in oirthuaisceart na Brasaíle.









Tá roinnt daoine atá an-saibhir ina gcónaí in Rio de Janeiro agus roinnt daoine atá an-bhocht freisin.

***1.*** Cá bhfuil fear céile Maria ina chónaí? ______________________________ (2)

***2.*** Cén fáth ar bhog fear céile Maria óna theaghlach?

______________________________

______________________________ (2)

***3.*** Déan cur síos ar 'thoisc tharraingthe' **AMHÁIN** is cúis le Maria a bheith ag smaoineamh ar bhogadh go Escondidinho.

______________________________

______________________________ (2)

***4.*** Déan cur síos ar 'thoisc bhrú' **AMHÁIN** is cúis le Maria a bheith ag smaoineamh ar thuaisceart na Brasaíle a fhágáil.

______________________________

______________________________ (2)

***5.*** Déan cur síos ar **DHÁ** chúis a mbeadh sé deacair ar Maria bogadh.

______________________________

______________________________

______________________________ (4)

***6.*** Ainmnigh **DHÁ** ábhar a úsáideann daoine chun a gcuid tithe a thógáil sna favelas.

______________________________

______________________________ (4)

***7.*** Tabhair **DHÁ** chúis a gceapann tú gur scriosadh roinnt favelas le linn an ullmhúcháin do na Cluichí Oilimpeacha agus do Chorn an Domhain.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ (4)

***8.*** Tabhair **DHÁ** chúis go mb'fhéidir nach mbeadh daoine atá ina gcónaí i favelas ag iarraidh bogadh chuig ceantar eile sa chathair.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ (4)


**CEIST 3**

**24 marc**

**Freagair cuid (A), ansin freagair (B) nó (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH (12 mharc)**

**Féach ar na pictiúir agus ar an eolas thíos agus freagair na ceisteanna ar an gcéad leathanach eile.**



Tá na monarchana i lár an bhaile. Is foirgnimh mhóra fhíorshalacha iad a bhfuil stoic shimléir arda ar a mbarr a scairdeann deatach agus súiche amach san aer. Bailithe timpeall ar na monarchana tá sraith i ndiaidh sraithe de thithe, iad brúite le chéile agus an chuma chéanna orthu go léir. Tá a gcuid ballaí salach agus tá mórán de na fuinneoga briste.

Tá lánaí caola, nó cúirteanna, ag deighilt na sraithe de thithe óna chéile. Tá na lánaí seo clúdaithe le bruscar a bhfuil boladh bréan air. Cónaíonn mórán de na teaghlaigh i seomra amháin, nó in íoslaigh atá fuar agus tais.
Tá na páistí an-salach agus bíonn mórán acu ag lorg déirce go hoscailte ar na sráideanna.







***1.*** Cén fáth a raibh an t-aer sna bailte móra sa Réabhlóid Thionsclaíoch chomh salach sin?

______________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________ (2)

***2.*** Cén fáth ar tógadh na tithe sna cathracha chomh gar sin dá chéile?

______________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________ (2)

***3.*** Ag féachaint ar na fótagraif, cén fhianaise atá ann go raibh na páistí bocht?

______________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________ (2)

***4.*** Tabhair cúis **AMHÁIN** ar scaip galair chomh héasca sin i gcathracha na Réabhlóide Tionsclaíche.

______________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________ (2)

***5.*** Tabhair **DHÁ** chúis ar bhog daoine ó cheantair thuaithe chuig na cathracha le linn na Réabhlóide Tionsclaíche.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

agus

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________ (4)

**FREAGAIR CUID (B) NÓ CUID (C)**

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA (12 mharc)**

**Féach ar an bhfótagraf thíos agus freagair na ceisteanna.**



**Taispeánann an pictiúr roinnt saighdiúirí Ceanadacha i dtrinse sa Chéad Chogadh Domhanda.**

***1.*** Ainmnigh tír **AMHÁIN** eile a throid ar an taobh céanna leis an mBreatain sa Chéad Chogadh Domhanda

__________________________________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh tír **AMHÁIN** a throid i gcoinne na Breataine sa Chéad Chogadh Domhanda.

__________________________________________________ (2)

***3.*** Tabhair cúis **AMHÁIN** a raibh an oiread sin trioblóide ag saighdiúirí sna trinsí lena gcosa.

__________________________________________________ (2)

***4.*** Tabhair sampla **AMHÁIN** d'ainmhí a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda agus den chaoi ar úsáideadh é.

__________________________________________________ (2)

***5.*** Maidir leis an gCéad Chogadh Domhanda, déan cur síos ar an gciall a bhí le 'dul thar an mbarr'.

__________________________________________________

__________________________________________________

__________________________________________________

__________________________________________________ (4)

**NÓ**

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA (12 mharc)**

***1.*** Ainmnigh tír **AMHÁIN** a bhí ar thaobh na Gearmáine sa Dara Cogadh Domhanda.

___________________________________________________________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh tír **AMHÁIN** a bhí ar thaobh na Breataine sa Dara Cogadh Domhanda. .

___________________________________________________________________________ (2)

***3.*** Taispeánann an pictiúr seo daoine ag dul isteach i 'scáthlán aer ruathair Anderson' ina ngairdín cúil. Bhí sé ann chun iad a choinneáil sábháilte le linn ruathair bhuamála ó na Gearmánaigh.



***(a)*** Cén fáth a bhfuil cré pacáilte ar bharr an scáthláin?

___________________________________________________________________________ (2)

***(b)*** Cad atá sa bhosca beag atá ar iompar ag gach duine?

___________________________________________________________________________ (2)

***(c)*** Scríobh cúpla abairt faoin gcaoi a raibh sé sna scáthláin sin le linn ruathar buamála, dar leat.

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________ (4)

# CEIST 4

**24 marc**

**Freagair cuid (A) <u>agus</u> (B)**

**A. PLÓDÚ TRÁCHTA I mBAILTE IN ÉIRINN** **(12 mharc)**

**Tá trácht agus páirceáil tagtha chun cinn mar fhadhb i mórán bailte in Éirinn. Féach ar na fótagraif thíos agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.**



***1.*** Déan cur síos ar **DHÁ** bhealach inar féidir le plódú tráchta tionchar a bheith aige ar ghnólachtaí i mbaile.


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)




***2.*** Is é is seachbhóthar ann ná bóthar nó mótarbhealach a théann timpeall ar bhaile nó ar shráidbhaile ionas nach mbíonn ar an trácht a bhíonn ag dul thar an mbaile sin dul trí lár an bhaile. Is féidir le seachbhóthair cuidiú le fadhbanna tráchta a réiteach i mbaile.

Taispeánann an léarscáil seo an seachbhóthar sa Nás i gContae Chill Dara. Taispeántar an seanbhóthar tríd an mbaile le dath glas agus taispeántar an seachbhóthar nua a théann timpeall ar an mbaile le dath bándearg.

(a) Tabhair buntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le seachbhóthar do na daoine atá ina gcónaí sa bhaile.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________(2)

(b) Tabhair míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le seachbhóthar do na daoine atá ina gcónaí sa bhaile.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________(2)




***3.*** Ar an léarscáil den Nás thuas, is féidir leat a fheiceáil go bhfuil páirc ghnó ar an seachbhóthar taobh amuigh den bhaile.

An gceapann tú go gcuideoidh an pháirc ghnó le gnólachtaí sa bhaile nó an ndéanfaidh sí damáiste dóibh? Mínigh do fhreagra.

____________________________________________

____________________________________________

______________________________________________________________________________(4)

**B. UISCIÚ AR CHOSTAS ÍSEAL SA DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA (12 mharc)**

**Féach ar na fótagraif thíos agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.**





Is féidir le huisce a bheith gann i mórán tíortha bochta. Taispeánann na fótagraif seo córais uiscithe ar chostas íseal a cheadaíonn do dhaoine a chinntiú go sroicheann gach braon uisce a gcuid plandaí. Cuirtear an t-umar uisce ar ardán atá beagán níos airde ná na plandaí agus sileann an t-uisce síos trí phíobáin chun uisce a chur ar na plandaí. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil gá le caidéal chun an córas a oibriú.

*1.* Ainmnigh ábhar **AMHÁIN** a úsáideann daoine chun na córais uiscithe sin a thógáil_______________ (2)

*2.* Ní theastaíonn caidéil chun na córais seo a oibriú. Tabhair **DHÁ** chúis a bhfuil sé sin go maith do na feirmeoirí.

a. ____________________________________________________________________________

b. ____________________________________________________________________________(2)

***3.*** Tá an-tóir ag banfheirmeoirí ar na córais uiscithe seo. Tabhair **DHÁ** chúis a mbeadh tóir ag daoine nach bhfuil ach fíorbheagán talún nó airgid acu ar na córais sin, dar leat.

a. ____________________________________________________________________________

b. ____________________________________________________________________________(2)

***4.***



Nuair a bhíonn na barra fásta, is féidir leis na feirmeoirí iad a dhíol ar an margadh chun airgead a shaothrú agus níos mó trealaimh a cheannach, b'fhéidir, nó ainmhí mar ghabhar nó roinnt sicíní.

Tabhair **DHÁ** bhealach ina bhféadfadh ceannach gabhair nó roinnt sicíní cuidiú le saol na bhfeirmeoirí a fheabhsú.

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________ (6)

**CEIST 5**

**24 marc**

**Seiceáil go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an léarscáil 1: 50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.
Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf baile Chathair na Mart agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** abhainn a thaispeántar ar an léarscáil.

_________________________________ agus _________________________________(4)

***2.*** Ó bheith ag féachaint ar an léarscáil, marcáil na ráitis seo **FÍOR** nó **BRÉAGACH** de réir mar is cuí.

a. Tá Cathair na Mart suite ar abhainn FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

b. Tá Cathair na Mart ar fhána sléibhe FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

c. Níl aon bhrú óige i gCathair na Mart. FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

d. Tá stáisiún traenach i gCathair na Mart. FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (4)

***3.*** Úsáid an léarscáil agus ainmnigh **DHÁ** loch i gceantar Chathair na Mart.

_________________________________ agus _________________________________(4)

***4.*** Ó bheith ag féachaint ar an **bhfótagraf**, cad é an foirgneamh leis an spuaic i lár an tulra?

_________________________________________________________________ (4)

***5.*** An mbeadh an limistéar sa chúlra ar chlé ina ionad oiriúnach i gcomhair eastát tithíochta nua? Tabhair cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

_________________________________________________________________

_________________________________________________________________(4)

***6.*** Tá turasóir a bhfuil suim aige/aici sa **siúl agus sa rothaíocht** ag tabhairt cuairt ar Chathair na Mart. Agus tú ag úsáid na léarscáile agus an fhótagraif, cad iad na nithe is díol spéise sa cheantar a mholfá dóibh cuairt a thabhairt orthu?

_________________________________________________________________

_________________________________________________________________

_________________________________________________________________

_________________________________________________________________

_________________________________________________________________

_________________________________________________________________

_________________________________________________________________(4)